Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0320(CNS)**

**12951/23**
**ADD 5**

**ECOFIN 868**
**FISC 189**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 303 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR […] a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 303 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 303 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 12.9.2023
SWD(2023) 303 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**[…]**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle**

**lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE**

{COM(2023) 528 final} - {SEC(2023) 308 final} - {SWD(2023) 301 final} - {SWD(2023) 302 final}

| Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| **Tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE** |
| **A. An Gá atá le Beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Mar a cheiliúrann an tAontas Eorpach 30 bliain den mhargadh inmheánach, tá córais éagsúla náisiúnta le haghaidh cáin ioncaim chorparáide ann do ghnólachtaí fós. Tá gnéithe éagsúla ag baint le gach córas náisiúnta lasmuigh de rátaí agus dreasachtaí cánach. Bíonn tacair éagsúla oibleagáidí cánach náisiúnta ann do ghnólachtaí a oibríonn ar fud an Aontais a luaithe a leathnaíonn siad agus a luaithe a bhíonn siad inchánach i mBallstát eile.<br><br>Tá iarmhairtí ag baint leis an gcastacht chánach sin do mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a oibríonn nó ar mian leo a bheith ag oibriú thar theorainneacha sa mhargadh inmheánach. Gabhann costais sheasta le comhlíonadh oibleagáidí cánach nua agus, dá bhrí sin, cruthaítear ualach níos airde do FBManna a bhfuil níos lú acmhainní acu. Is féidir leis sin a bheith ina bhacainn do FBManna maidir le leathnú a gcuid gníomhaíochtaí ar an gcoigríoch agus tá sé ábhartha ag céim thionscanta an leathnaithe go háirithe, tráth a bhíonn na gníomhaíochtaí a dhéantar ina ngníomhaíochtaí coimhdeacha i ndáil le príomh- oibriú gnó sa stát tionscnaimh. De bharr na castachta sin, níl cothroime iomaíochta ag FBManna, i gcomparáid le gnólachtaí móra trasteorann agus cuideachtaí intíre amháin, agus iad ag dul isteach i margaí nua.<br><br>Tá na saincheisteanna sin thar a bheith tábhachtach ar leibhéal an Aontais toisc go bhfuil margadh inmheánach fíor- chomhtháthaithe ag an Aontas. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ar dhlí an Aontais i roinnt mhaith réimsí eile chun a áirithiú gur féidir le gnólachtaí a bheith ag oibriú sa mhargadh inmheánach faoi chaighdeáin choiteanna, is bacainn fós iad ceanglais cánach corparáide éagsúla. Ní féidir leis an margadh inmheánach a acmhainneacht iomlán a ghnóthú i ngeilleagar Eorpach atá ag éirí níos digitithe agus níos comhtháite, áit a mbíonn roinnt mhaith gnólachtaí gníomhach thar theorainneacha, gan aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin ar leibhéal an Aontais. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta an tionscnaimh: (i) dea- fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú; agus (ii) fás agus infheistíocht san Aontas a spreagadh. Chun na cuspóirí ginearálta sin a bhaint amach, ba cheart na cuspóirí sonracha seo a leanas a ghnóthú: (i) costais comhlíontachta cánach a laghdú do FBManna ag a bhfuil láithreacht inchánach ar an gcoigríoch; (ii) leathnú FBManna thar theorainneacha a spreagadh; agus (iii) cothroime iomaíochta a áirithiú le haghaidh rannpháirtíocht FBManna sa mhargadh inmheánach. |
| **Cad é an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Tá na fadhbanna, a dtabharfar aghaidh orthu leis an tionscnamh, ag na Ballstáit uile agus ní féidir aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach le gníomhaíochtaí neamhionanna ar an leibhéal náisiúnta. Toisc go n- eascraíonn na fadhbanna as ilroinnt agus éagsúlacht córas náisiúnta, d'fhéadfadh impleachtaí neamh- inmhianaithe a bheith ag bearta náisiúnta neamhchomhordaithe, rud lena mbaineann tuilleadh castachta. Sa chomhthéacs sin, ní fhéadfadh ach tionscnamh, ina gcuimsítear an tAontas ar fad, lena ndéantar foráil maidir le tacar coiteann rialacha, a bheith éifeachtach. Toisc gur fadhbanna trasteorann atá i gceist den chuid is mó, ní féidir dul i ngleic leo ach amháin trí reachtaíocht a leagan síos ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, áirítear sa tionscnamh seo, nuair a ghlacfar é faoi dhlí an Aontais, eilimintí lena mbaineann luach i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Is le cur chuige coiteann le haghaidh na mBallstát uile is mó a bheadh seans ann na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach. |

| B. Réitigh |
|---|
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Is féidir na cuspóirí a bhaint amach trí thionscnamh atá ceaptha do FBManna i bhfoirm Treorach lena soláthraítear simpliú cánach do FBManna ag a bhfuil láithreacht theoranta i mBallstáit eile. Déantar anailís ar an tionscnamh seo sa tuarascáil ar an measúnú tionchair.<br><br>Tá an tionscnamh dírithe ar FBManna ag a bhfuil láithreacht inchánach i mBallstát amháin nó níos mó, i bhfoirm buanbhunaíochta nó fochuideachta amháin nó níos mó. Is é is aidhm dó simpliú a sholáthar i ndáil le ríomh an dliteanais cánach atá ag na buanbhunaíochtaí nó fochuideachtaí sin agus chun ceanglais riaracháin a chomhlíonadh. Baintear é sin amach tríd an bhféidearthacht a thabhairt do FBManna incháilithe bonn cánach a mbuanbhunaíochtaí nó a bhfochuideachtaí atá i mBallstáit eile a ríomh i gcomhréir le rialacha cánach na ceannoifige, nó rialacha maidir le 'Cánachas Ceannoifige' ('rialacha HOT'). Déantar measúnú ar dhá rogha don chur chuige sin sa tuarascáil. Bheadh an córas mar an gcéanna faoin dá rogha, ach bheadh an raon feidhme difriúil. Le **Rogha 1** ní áireofaí ach FBManna neamhspleácha ag a bhfuil buanbhunaíochtaí i mBallstáit eile. Le **Rogha 2** chumhdófaí freisin FBManna ag a bhfuil fochuideachtaí i mBallstáit eile. Dá bhrí sin, chumhdófaí leis an dara rogha grúpaí cuideachtaí ar FBManna, nó grúpaí FBManna, iad freisin.<br><br>**Is í rogha 1 an rogha thosaíochta.** Tá an rogha dírithe ar thacaíocht a thabhairt do FBManna i gcéim thosaigh a ngníomhaíochta idirnáisiúnta, FBManna a spreagadh chun dul ar an gcoigríoch, trí leanúint de bheith ag cur na rialacha cánach a bhfuil cur amach acu orthu cheana i bhfeidhm. Tagtar ar an gconclúid sa mheasúnú tionchair go bhfuil an rogha sin éifeachtach agus éifeachtúil i ndáil le baint amach chuspóirí sonracha an tionscnaimh, dá bhrí sin, agus go bhfuil sé fós comhréireach leis na costais a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cur chun feidhme agus ceannasacht chánach na mBallstát ar na cáiníocóirí a bhfuil cónaí orthu iontu. Dealraítear freisin go bhfuil an rogha sin ar an gceann is comhleanúnaí ó thaobh bheartais eile an Aontais de, nuair a chuimhnítear gur fhógair an Coimisiún tionscnamh a ceapadh go sonrach chun simpliú a sholáthar do bhonn cánach grúpaí cuideachtaí. |

| C. Tionchar na rogha tosaíochta |
|---|
| **Cad iad tairbhí na rogha tosaíochta?** |
| Faoin rogha ab fhearr, d'fhéadfadh sé go mbeadh ní ba lú FBManna incháilithe chun a roghnú a bheith páirteach, ach (faoin dá rogha) ní fios an líon beacht FBManna a roghnóidh a bheith páirteach agus a chuirfidh rialacha HOT i bhfeidhm, toisc go mbeidh an simpliú a thabharfar isteach leis an tionscnamh go hiomlán roghnach. Chun meastachán a dhéanamh i ndáil leis na tairbhí le haghaidh FBManna, soláthraítear sa mheasúnú tionchair raon féideartha ina bhfuil meastacháin ísle agus arda (lena gcumhdaítear an dá rogha). Dá réir sin, meastar, i ndáil le hinfhaighteacht an tsimplithe, **go bhféadfaí na costais comhlíontachta cánach atá ann faoi láthair a laghdú do FBManna** faoi idir EUR 1,3 billiún (íseal) agus 3,4 billiún (ard) in aghaidh na bliana. Toimhdítear leis an meastachán íseal, mar shampla léaráideach, go laghdaítear leis an tionscnamh costais comhlíontachta CIT faoi 16 % agus go dtosóidh 5 % de FBManna intíre ag oibriú thar theorainneacha, agus an tráth céanna ríomhtar an meastachán ard ar an mbonn go laghdaítear leis an tionscnamh costais comhlíontachta CIT faoi 32 % agus go dtosóidh 10 % de FBManna intíre ag oibriú thar theorainneacha.<br><br>Agus na toimhdí ísle agus arda céanna maidir le FBManna intíre a oibríonn thar theorainneacha (5 % agus 10 %) á n- úsáid, déantar meastachán sa mheasúnú tionchair i ndáil leis an **méadú a d'fhéadfadh a bheith ann ar OTI agus ioncaim chánach san Aontas**. Ríomhtar an tionchar maicreacnamaíoch sin ar an mbonn, mar a mhínítear sa tuarascáil, go méadaítear táirgiúlacht gnólachtaí de bharr na hiomaíochta thar theorainneacha, méadú a thoimhdítear ar 4 % don mheastachán íseal agus 15 % don mheastachán ard. Dá réir sin, saothraítear leis an anailís íogaireachta méadú OTI san Aontas de EUR 19 mbilliún (i.e., + 0,08 %) agus EUR 61 bhilliún (i.e., + 0,7 %) in aghaidh na bliana, agus idir + 0,12 % agus + 1 % de mhéadú ar ioncam cánach san Aontas san fhadtéarma, i gcoibhneas leis an *status* |

| |
|---|
| *quo*. D'fhéadfadh cásanna eile titim amach bunaithe ar thoimhdí éagsúla.<br><br>Leagtar amach sa mheasúnú tionchair na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann d'údaráis fhioscacha. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta?** |
| Ní féidir costais a mheas go beacht toisc nach bhfuil aon fhasach ag an tionscnamh arbh fhéidir tagairt dó. Thairis sin, níl aon sonraí tiomnaithe ann arbh fhéidir a úsáid go hiontaofa chun meastacháin an- nithiúil a tháirgeadh. Déantar iarracht leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair tuairisc a thabhairt ar roinnt de na costais a d'fhéadfadh a bheith ann.<br><br>Beidh FBManna, a dhéanfaidh an rogha a bheith páirteach, in ann rialacha cánach, a bhfuil cur amach acu orthu cheana féin, a chur i bhfeidhm agus a bheith ag plé lena n- oibleagáidí cánach uile in áit amháin (ionad ilfhreastail). Dá réir sin, comhdóidh FBManna tuairisceán cánach nua, an tuairisceán cánach 'HOT', agus ní mór d'údaráis fhioscacha córas a chur chun feidhme i ndáil le comhdú agus malartú na dtuairisceán agus chun measúnú a dhéanamh ar chánacha bhuanbhunaíochtaí na ceannoifige ar an gcoigríoch, na cánacha sin a bhailiú agus a aistriú. Ba cheart coigeartú agus costas riaracháin do FBManna agus údaráis fhioscacha a bheith i gceist leis sin, costas a bheadh i bhfad ní b'ísle ná na tairbhí, mar a mhínítear sa tuarascáil. Idir EUR 332 mhilliún ar dtús móide EUR 60 milliún in aghaidh na bliana (íseal) agus EUR 428 milliún ar dtús móide EUR 78 milliún in aghaidh na bliana (ard) san iomlán a bheidh sna costais mheastar ar na FBManna uile a dhéanfaidh an rogha a bheith páirteach i gcóras HOT. Is é an costas iomlán do na húdaráis fhioscacha uile chun an rogha ab fhearr a chur chun feidhme ar fud an Aontais ná thart ar EUR 20 milliún ar dtús móide EUR 4 mhilliún in aghaidh na bliana. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| **FBManna**: Beidh eintitis FBM neamhspleácha ag a bhfuil buanbhunaíochtaí (ach nach bhfuil fochuideachtaí acu) i mBallstát amháin nó níos mó i dteideal na rialacha simpliúcháin a chur i bhfeidhm, rud a fhágfaidh gur féidir leo leathnú ar an gcoigríoch agus go mbeidh siad fós in ann a mbonn cánach a ríomh i gcomhréir lena rialacha náisiúnta féin. Chumhdófaí grúpaí FBManna (i.e., iad siúd a bhfuil fochuideachtaí acu) faoi thionscnamh eile, agus an fhéidearthacht ann roghnú a bheith páirteach ar choinníoll go gcomhdóidh siad ráitis cuntasaíochta airgeadais chomhdhlúite. Dá réir sin, thacófaí le FBManna i gcéimeanna luatha a gcuid forbartha trasteorann agus nuair a chobhsóidh nó nuair a leathnóidh siad a gcuid gníomhaíochtaí trasteorann a thuilleadh. Toisc go mbeidh na rialacha roghnach do FBManna fós, ní mheasaimid go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ann. Ina ionad sin, bainfidh FBManna tairbhe as an réiteach is simplí agus is cost- éifeachtúla a roghnú bunaithe ar a gcuid riachtanas féin.<br><br>**Iomaíochas**: Tá coinne leis go mbeidh tionchar dearfach ag an tionscnamh ar iomaíochas costais agus praghsanna. Le rialacha HOT féadtar costais chomhlíontachta a laghdú do FBManna a oibríonn in earnálacha uile an mhargaidh inmheánaigh agus tacú le FBManna chun gur féidir leo a bheith go hiomlán rannpháirteach sa mhargadh inmheánach. Éascaítear leis an tionscnamh gníomhaíocht trasteorann agus feabhsaítear leis iomaíochas idirnáisiúnta ghnólachtaí an Aontais. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Cuireadh san áireamh sa mheasúnú tionchair freisin, cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadadh tionchair chomhshaoil nó tionchair shóisialta a bheith ag baint leis an tionscnamh, nó tionchar ar chearta bunúsacha. Níl coinne le haon tionchar comhshaoil áirithe ná díreach. Níl coinne le tionchar sóisialta suntasach ach oiread, cé go bhféadfadh acmhainní léirscaoilte tionchar dearfach a imirt ar fhostaíocht. Níor cheart go mbeadh éifeacht ag an tionscnamh ar chearta bunúsacha, atá ráthaithe, agus cosnófar sonraí pearsanta. |
| **Comhréireacht?** |
| Ní dhéanann an rogha thosaíochta aon rud seachas an méid a bhfuil gá leis chun na cuspóirí a bhaint amach agus tá sí dírithe ar eilimintí ina mbeidh breisluach ag gníomhaíocht an Aontais |

| |
|---|
| a bheidh níos mó ná an méid a d'fhéadfadh na Ballstáit a bhaint amach astu féin. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Ba cheart le meastóireacht ar an tionscnamh measúnú a dhéanamh ar a mhéid a comhlíonadh na cuspóirí a leagtar amach agus déanfar é **5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach**. Déanfar anailís léi freisin ar a mhéid a tháinig na simplithe, a bhfuil coinne leo do na páirtithe leasmhara spriocdhírithe, chun cinn agus déanfar measúnú ar an ualach riaracháin agus rialála gaolmhar. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta i láthair i bhfoirm tuarascála. Áireofar sa togra clásal athbhreithniúcháin lena ligfear don Choimisiún an Treoir a leasú de réir thorthaí na meastóireachta. |